

Cluichí Pobail i gCois Fharraige

Donncha Ó hÉallaithe
Rúnaí, Cluichí Pobail Chois Fharraige

Cuireadh tús leis na Cluichí Pobail i mBaile Átha Cliath sa mbliain 1968 le deis a chur ar fáil do ghasúir páirt a thógáil i gcluichí de gach cineál. Cuireadh an bhéim i dtosach ar an lúthchleasaíocht. Níor thóg sé i bhfad ar an eagraíocht leathnú ar fud na tíre, ó thuaidh is ó dheas, agus leathnaíodh amach an raon imeachtaí ina mbíonn comórtais.

Tá Gaillimh ar cheann de na contaetha is eagraithe sa tír. Tá os cionn 40 coiste gníomhach ar fud an chontae ach go dtí le gairid ní raibh deis ag gasúir i gceantar Chois Fharraige páirt a thógáil sna Cluichí Pobail mar nach raibh aon choiste sa gceantar. Ach tá anois, agus seo mar a tharla.

Patsaí Ó Conghaile ón Spidéal a tháinig aníos leis an smaoineamh Cluichí Pobail a chur ar bun i gCois Fharraige. Le tacaíocht ó Chumann Mícheál Breathnach agus CLG an Spidéil, bunaíodh coiste beag le deis a thabhairt do ghasúir sa gceantar ó na Forbacha siar chomh fada le hAbhainn Chasla páirt a thógáil in imeachtaí Cluichí Pobail faoi bhrat Chois Fharraige. Thug Cumann Forbartha Chois Fharraige tacaíocht airgid an chéad dá bhliain le cur ar chumas an choiste beagán trealaimh agus geansaithe a cheannacht.

Cé mar a oibríonn sé?

Ó Mhárta go Meitheamh chuile bhliain, eagraítear raon leathan comórtais ag leibhéal an chontae. Go dtí seo, ghlac foirne ó Chois Fharraige páirt sna comórtais seo a leanas: iománaíocht, camógaíocht, sacar, ficheall, tráth na gceist, júdó, rothaíocht, liathróid láimhe, poc fada agus lúthchleasaíocht. Ach bíonn níos mó ná spóirt agus lúthchleasaíocht ar chlár na n-imeachtaí. I mí na Márta, mar shampla, bíonn comórtais ceoil, amhránaíochta is damhsa ann chomh maith le healaín agus lámhscríbhneoireacht.

Go dtí seo, is sa liathróid láimhe is fearr atá muid ag cruthú. Le trí bliana anuas, tá na boinn óir tugtha

abhaile ó Chluichí Ceannais na hÉireann ag cailíní Chois Fharraige sa gcomórtas faoi 13, traenáilte go paiteanta ag **Frances Uí Churraoin**. I mbliana, ghnóthaigh **Maela Ní Choistealbha** ón bPáirc sa Spidéal bonn airgid i gCraobh na hÉireann sa Júdó, théis di bonn óir a thabhairt abhaile léi anuraidh. D'éirigh le

Rónán Ó Direáin as Baile Liam sa Spidéal bonn airgid a bhuachaint i mbliana sa rothaíocht faoi 13.

Ach níor cheart ceantar a mheas ar líon na mbonn a thugtar abhaile ó na Cluichí Ceannais in Áth Luain. Tá sé níos tábhachtaí, i mo thuairimse, go dtabharfaí deis do ghasúir na háite páirt a thógáil sna



Páistí as ceantar Chois Fharraige a ghlac páirt in imeachtaí na gCluichí Pobail do Chontae na Gaillimhe, i mBaile an Doirín, deireadh seachtaine na Cincise 2011:

Chun tosaigh, ó chlé: **Cormac Ó Scanláin** (Púirín, Indreabhán), **Sadhbh Ní Fhlaithearta** (An Chrí Dhubh, An Spidéal), **Maedhbh Ní Dhíreáin** (An Cnoc, Indreabhán), **Brianna Pfeiffer** (An Lochán Beag, Indreabhán), **Aisling Ní Chonghaile** (Baile Liam, An Spidéal). I lár báire, ó chlé: **Conall Ó Caoimh** (Sidheán, An Spidéal), **Éanna Ó Cualáin** (Cor na Rón, Indreabhán), **Caomhán Ó Feinneadh** (An Chrí Dhubh, An Spidéal), **Pádhraic Ó Conghaile** (Leitir Péic, An Spidéal), **Tommy Lee Ó Fatharta** (Sáile Chuanna, An Spidéal), **Fainche Robertson** (Coilleach, An Spidéal). Ar chúl ó chlé: **Vitor Cruz Ó Fatharta** (Na hAille, Indreabhán), **Caoimhe Ní Chonghaile** (Baile Liam, An Spidéal), **Sadhbh Ní Chonghaile** (Baile Liam, An Spidéal), **Liadh Robertson** (Coilleach, An Spidéal), **Eoin Ó Domhnaill** (Páirc Thoir, An Spidéal) agus **Iarla Ó Feinneadh** (An Chrí Dhubh, An Spidéal).

himeachtaí ag leibhéal áitiúil agus ag leibhéal an chontae. Domsa, is é buaicphointe na bliana an Lá Spóirt a eagraítear tar éis na Cásca ar Pháirc Cholaíste Chonnacht sa Spidéal. Thug Comhar Creidmheasa Cholmcille cúnamh airgid leis an Lá Spóirt a eagrú i mbliana. Bíonn os cionn 200 gasúr páirteach sa Lá Spóirt chuile bhliain agus téann thart ar 30 acu siúd ar aghaidh chuig Cluichí Pobail an Chontae i mBaile an Doirín, áit a mbíonn os cionn míle gasúr ó mhórán chuile pharóiste sa gcontae san iomaíocht, deireadh seachtaine na Cincise.

Eagrú na gCluichí Pobail

Coiste beag a eagraíonn na Cluichí Pobail i gceantar Chois Fharraige: triúr ón Spidéal agus triúr ón gCnoc. Ag tús na bliana, téann an coiste i dteagbháil leis na heagraíochtaí spóirt sa gceantar ag tabhairt cuireadh dóibh foireann a eagrú le páirt a thógáil sna Cluichí Pobail ag leibhéal an chontae. Fágtar faoi na heagraíochtaí trialacha a eagrú agus foirne a phiocadh. Mar shampla, d'eagraigh Cumann Sacair Chois Fharraige trialacha i mbliana le foireann



Reathaithe Sealaíochta Chois Fharraige faoi 10 a ghlac páirt in imeachtaí na gCluichí Pobail do Chontae na Gaillimhe, i mBaile an Doirín, deireadh seachtaine na Cincise 2011. Ó chlé: Eoin Ó Domhnaill (Páirc Thoir, An Spidéal), Brianna Pfeiffer (An Lochán Beag, Indreabhán), Caomhán Ó Feinneadha (An Chrí Dhubh, An Spidéal) agus Aisling Ní Chonghaile (Baile Liam, An Spidéal).



Foireann sacair faoi 12, ó cheantar Chois Fharraige, a buaileadh i gcluiche ceannais an chontae le gairid. Chun tosaigh ó chlé: Oisín Ó Flatharta (Radharc na Rúin, An Spidéal), Seán Mac Uidhílin (An Bóthar Bui, Indreabhán), Conall Ó Caoimh (Sidheán, An Spidéal), Fionn Ó hIarnáin (An Lochán Beag, Indreabhán), Con Ó Gibne (An Teach Mór, Indreabhán), Conall Ó Cuirrín (Na Mine, Indreabhán), Antaine Ó Gallchóir (An Teach Mór, Indreabhán), Oliver Ó Cuinn (Radharc na Rúin, An Spidéal). Ar chúl: Cathal Ó Gamhnáin (Seanadh Gharráin, An Spidéal), Conor Breathnach (An Choill Rua, Indreabhán), Rónán Ó Direáin (Baile an tSagairt, An Spidéal), Harry Ó Donnghaile (An Choill Rua, Indreabhán), Liam Ó Fatharta (Na hAille, Indreabhán), Gearóid Ó Conghaile (Leitir Péic, An Spidéal), Éanna Ó Cualáin (Cor na Rón, Indreabhán) agus Oisín Ó Neachtain (Baile an tSagairt, An Spidéal). Ina seasamh taobh thiar, tá an dá thraenálaí ó Chumann Sacair Chois Fharraige a thraenáil an painéal don chomórtas, Kevin Mc Donnell agus Declan Folan.

buachaillí faoi 12 a roghnú, le deis a thabhairt do gach buachaill a bhfuil cónaí air sa gceantar é féin a chruthú ag triail sular piocadh foireann. Ar an bhfoireann a roghnaíodh, bhí buachaillí a imríonn sacair le Bearna chomh maith le buachaillí a imríonn le Cumann Sacair Chois Fharraige agus roinnt bheag nach mbíonn ag imirt le haon fhoireann sacair ach atá sách maith go bpiocfaí iad. Sin cuid den fhealsúnacht a bhaineann leis na Cluichí Pobail, go mba cheart seans a thabhairt do gach gasúr sa gceantar iad féin a chruthú.

Ag caint ar an sacair, níor mhiste a lua gur éirigh le buachaillí Chois Fharraige dul chomh fada le Cluiche Ceannais an Chontae i mbliana, ag bualadh foirne maithe ar an mbealach.

Go leor eile a d'fhéadfaí a dhéanamh ach an cúnamh a fháil

Tá go leor eile a d'fhéadfadh muid a dhéanamh i gceantar Chois Fharraige faoi scáth na gCluichí



Tommy Lee Ó Fatharta (Sáile Chuanna, An Spidéal) ag críochnú sa darna háit sa rása 80m faoi 8 ag Cluichí Pobail an Chontae 2011, i mBaile an Doirín.

Pobail do ghasúir an cheantair. Mar shampla, tá go leor daoine óga ag casadh ceoil agus ag canadh amhrán i gCois Fharraige anois, a bhuíochas sin don obair iontach atá déanta thar na blianta ag an nGaelacadamh. Bíonn comórtais tallainne ann do ghasúir faoi 14 i réimsí éagsúla: grúpaí beaga ag canadh nó ag ceol nó ag damhsa. Bíonn comórtais aonair ann chomh maith sa gceol, san amhránaíocht agus san

aithriseoireacht. Níl aon easpa gasúr i gCois Fharraige le tallann ach theastódh roinnt daoine fásta le cúnamh a thabhairt iad a ullmhú do na comórtais a bhíonn ann thar dheireadh seachtaine amháin i mí na Márta.

Ar an gcaoi chéanna, is é an peaca nach dtugtar an deis do ghasúir an cheantair páirt a thógáil sna comórtais ealaíne a

eagraítear mar chuid d'imeachtaí na gCluichí Pobail. Ach tuismitheoirí a bheith toilteanach beagán cúnamh a thabhairt, d'fhéadfadh muid i bhfad níos mó a dhéanamh i gCois Fharraige. Tá spórt is lúthchleasaíocht an-tábhachtach do dhaoine óga agus bíonn daoine fásta ar fáil le cúnamh a thabhairt lena n-eagrú. Ach tá cothú an cheoil agus na n-ealaíon chomh tábhachtach céanna. Dá mbeadh beirt nó triúr duine fásta ar fáil le gasúir a réiteach

do na comórtais ceoil is amhránaíochta, d'fhéadfadh Cois Fharraige a bheith páirteach sna himeachtaí cultúir a eagraíonn na Cluichí Pobail.

Faigheann Coiste na gCluichí Pobail neart cúnamh ó na scoileanna sa gceantar chuile bhliain: murach an comhoibriú sin, ní fhéadfaí an Lá Spóirt a eagrú. Tugann eagraíochtaí spóirt an-chúnamh dúinn chomh maith. Dá mbeadh roinnt bheag daoine eile ar fáil, a d'fhéadfadh beagán cúnamh a thabhairt le gasúir a ullmhú do na comórtais ealaíne, na comórtais ceoil, damhsa is amhránaíochta, ba bhreá linn cloisteáil uathu. Beidh an Cruinniú Cinn Bhliana ann tús mí na Samhna agus beidh fáilte roimh dhaoine nua le fuinneamh nua agus le smaointe nua. Tuigim nach mbíonn daoine ag iarraidh a bheith ar an iomarca coistí ach ní gá a bheith ar an gcoiste le cúnamh a thabhairt. A bheith sásta freagracht a thógáil as rud amháin a eagrú sa gceantar, ba leor sin.



Seán Denvir, captaen fhoireann Choláiste Phádraig, Droim Conrach, a ghnóthaigh Corn Trench 2011, comórtas uile-Éireann do choláistí tríú leibhéal. Sa bpictiúr leis tá a athair, Gearóid, agus a dheartháir, Frainc.